C/2024/6869

28.11.2024

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

An dlúthpháirtíocht idir na glúnta a chur chun cinn san Eoraip – i dtreo cur chuige cothrománach AE

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2024/6869)

Rapóirtéir: **Krzysztof BALON**

Comhairleoir	Agnieszka CHŁOŃ-DOMIŃCZAK (thar ceann an rapóirtéara, Grúpa III)
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	15.2.2024
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Saoránacht
Dáta a glactha sa rannóg	4.9.2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	18.9.2024
Seisiún iomlánach Uimh.	590
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/ staonadh)	158/1/7

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. I dtuairimí eile a ghlac CESE roimhe seo, chuir sé in iúl gur dhíol sásaimh dó Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh ([1]) agus mhol sé Straitéis Eorpach nua i leith Daoine Scothaosta a chur le chéile ([2]). Ina fhianaise sin, iarrann CESE ar an gCoimisiún Eorpach freisin cur chuige comhordaithe trasearnálach AE a ghlacadh i leith na dlúthpháirtíochta idir na glúnta, ba cheart díriú ar chearta daoine óga agus daoine scothaosta araon a áirithiú agus ar a rannpháirtíocht iomlán sa tsochaí agus sa gheilleagar a áirithiú, ar a n-áirítear i réimsí na fostaíochta, an oideachais agus an chultúir. I bhfianaise na ndúshlán déimeagrafach atá ann, ba cheart é a bheith ar na critéir lena ndéantar measúnú ar a mhéid a chuireann reachtaíocht agus sásraí eile an Aontais leis na spriocanna a leagtar amach in Airteagal 3(3) CAE: 'Cuirfidh (...) an tAontas (...) an dlúthpháirtíocht idir na glúnta chun cinn'.

1.2. Mar chéad chéim sa treo sin, molann CESE don Choimisiún Páipéar Uaine maidir le Dlúthpháirtíocht idir na glúnta a fhoilsiú. I gcomhthéacs an Stáit Leasa, féadfar a áireamh sa Pháipéar Uaine sin na dúshláin, deiseanna agus réitigh, mar a liostaítear iad i gCaibidil 3 den tuairim seo, a bhaineann le réimsí amhail saol na hoibre, geilleagar na ndaoine scothaosta, córais pinsean, seirbhísí sláinte agus cúraim, forbairt áitiúil, tithíocht, soghluaisteacht, beartas don athrú aeráide, foghlaim ar feadh an tsaoil, mar aon le rannpháirtíocht agus obair dheonach.

1.3. Ina theannta sin, iarrann an Coiste ar na Ballstáit a ndea-chleachtais sna réimsí sin a mhalartú agus na moltaí ón tuairim seo a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta.

([1]) IO C 62, 15.2.2019, lch. 142.
([2]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa Straitéis Eorpach i leith Daoine Scothaosta (IO C 349, 29.9.2023, lch. 28).

1.4. Ar a bharr sin, iarrann CESE ar an gCoimisiún Eorpach moladh a ghlacadh lena n-iarrfaí ar na Ballstáit gnéithe idirghlúine de mhargadh an tsaothair a chur san áireamh, go háirithe trí chaighdeáin le haghaidh fostaíocht chóir leormhaith a leagan síos don uile ghlúin agus trí rannpháirtíocht na nglúnta éagsúla agus a gcomhar san ionad oibre a áirithiú. Ba cheart conarthaí fostaíochta slána, ioncam slán leordhóthanach agus deiseanna oiliúna inseirbhíse a bheith ina bpríomhchodanna de na caighdeáin sin.

1.5. Thairis sin, creideann an Coiste gur cheart plé a dhéanamh ar idirphlé idir na glúnta, an ceartas agus an dlúthpháirtíocht agus iad a áireamh i gConclúidí Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

1.6. Iarrann CESE go mbunófaí an dlúthpháirtíocht idir na glúnta mar cheann de na cuspóirí faoi Chiste Sóisialta na hEorpa i gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2028-2034 agus ina rialacháin cur chun feidhme.

1.7. Tá ról tábhachtach ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ag na comhpháirtithe sóisialta maidir leis an dlúthpháirtíocht idir na glúnta a chur chun cinn. Tá ról lárnach acu maidir leis na beartais shonracha atá luaite i gCaibidil 3 den tuairim seo a phleanáil agus a chur chun feidhme. Déanann go leor díobh ionadaíocht ar ghlúnta éagsúla agus díríonn siad ar sheirbhísí sóisialta a sholáthar i gcomhar le hoibrithe deonacha ón uile ghlúin. Ba mhaith le CESE oibriú i ndlúthchomhar leis na heagraíochtaí lena mbaineann agus na moltaí a rinneadh sa tuairim seo á gcur chun feidhme aige.

1.8. Tá CESE ar son an tionscnaimh a rinne eagraíochtaí na sochaí sibhialta, na comhpháirtithe sóisialta agus na hinstitiúidí Eorpacha agus náisiúnta chun leanúint de Lá an Aontais um Dhlúthpháirtíocht idir na Glúnta ([3]) a cheiliúradh ar an 29 Aibreán, ós cloch mhíle bhliantúil é chun leanúint d'fheasacht a mhúscailt maidir leis an dlúthpháirtíocht idir na glúnta ar fud an Aontais agus an dlúthpháirtíocht sin a chur chun cinn.

1.9. Is díol sásaimh do CESE go bhfuil sé beartaithe Coimisinéir a cheapadh a bheadh freagrach as an gcothroime idirghlúine ([4]). Ina cháil mar theach shochaí shibhialta na hEorpa, déanfaidh CESE a mhachnamh ar Fhóram um Dhlúthpháirtíocht idir na Glúnta a óstáil chun faisnéis agus taithí a mhalartú sa réimse sin, d'fhonn meastóireacht a dhéanamh ar choincheapa atá ann cheana féin agus chun coincheapa agus straitéisí nua a fhorbairt don dlúthpháirtíocht idir na glúnta agus – i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach – chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme mholtaí na tuairime.

2. **Comhthéacs**

2.1. Tá athrú ag teacht ar an struchtúr aoise laistigh de dhaonra AE-27. Ó 2002 go 2022, mhéadaigh sciar an daonra san aoisghrúpa 65+ ó 16 % go 21 % ([5]). Tá líon na ndaoine atá 65+ in aghaidh gach 100 duine idir 15-64 bliana d'aois ag méadú agus meastar go méadóidh an cóimheas sin ó 33.3:100 in 2023 go 45.5:100 in 2040, agus go 59.7:100 in 2100 ([6]), rud a chiallaíonn go mbeidh 59.7 duine scothaosta ag brath ar 100 duine atá idir 15-64 bliana d'aois. In 2002, bhí 14 494 144 dhuine os cionn 80 bliain d'aois ina gcónaí san Aontas, sin 3.38 % de dhaonra iomlán an Aontais in 2002. In 2022, bhí 27 102 994 dhuine os cionn 80 bliain d'aois ina gcónaí san Aontas, sin 6.07 % de dhaonra iomlán an Aontais in 2022. In 2040, meastar go mbeidh 39 663 244 dhuine os cionn 80 bliain d'aois ina gcónaí san Aontas, sin 8.78 % de dhaonra iomlán an Aontais in 2040. Mar sin féin, tá dúshláin i gceist leis sin maidir le beartais phinsin agus rochtain ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.

2.2. Mar thoradh ar an treocht dhéimeagrafach sin agus na géarchéimeanna éagsúla aeráide, daonlathais agus slándála, a mbíonn tionchar acu go háirithe ar dhaoine óga agus ar na glúnta atá le teacht, beidh géarghá le cur chuige polaitiúil nua a cheapadh maidir le dlúthpháirtíocht idir na glúnta a chur chun cinn san Aontas Eorpach.

([3]) Sheol Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach Lá Eorpach um Dhlúthpháirtíocht idir na Glúnta in 2009 mar chuid de Bhliain Eorpach um Dhlúthpháirtíocht idir na Glúnta. Is é is aidhm dó feasacht a mhúscailt maidir leis an tábhacht a bhaineann leis an dlúthpháirtíocht idir na glúnta agus idirphlé agus comhar idir daoine de gach aois a chur chun cinn. Ceiliúrtar an lá an 29 Aibreán gach bliain.

([4]) https://commission.europa.eu/document/download/e6cd4328-673c-4e7a-8683-f63ffb2cf648_en?filename=Political%20Guidelines%202024-2029_EN.pdf, lgh. 19-20.

([5]) Déimeagrafaíocht na hEorpa– eagrán 2023, athfhriotal ón tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Tionchar na déimeagrafaíochta ar an Eoraip Shóisialta (IO C, C/2023/6867, 28.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6867/oj).

([6]) Cóimheas cleithiúnais seanaoise réamh-mheasta, athfhriotal ón tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Tionchar na déimeagrafaíochta ar an Eoraip Shóisialta (IO C, C/2023/6867, 28.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6867/oj).

2.3. Dírítear sa tuairim seo ar riachtanais na nglúnta go léir agus ar an gcion a dhéanann siad, go háirithe ar na dúshláin agus na deiseanna uathúla a mbeidh ar dhaoine scothaosta agus óga dul i ngleic leo. Dá ndéanfaí anailís ina gcuirfí dearcadh an aosa óig agus dearcadh na nglúnta amach anseo san áireamh, d'fhéadfaí rannchuidiú le beartais níos fearr agus níos saincheaptha a chur ar fáil, cinn lena bhféadfaí aghaidh a thabhairt freisin ar dhúshláin na nglúnta amach anseo, agus ba cheart sin a dhéanamh. Ní mór an ceart a bheith ag na glúnta go léir – na glúnta a bheidh ann amach anseo san áireamh – a gcroíluachanna agus a gcroí-riachtanais féin a bhaint amach. Ba cheart do rialtais ceartas idirghlúine agus an t-idirphlé idirghlúine agus an dlúthpháirtíocht a chothú go réamhghníomhach ó thaobh an rialachais phoiblí de, sin agus beartais agus seirbhísí a sholáthar ar bhealach cothrom ar fud na gcohórt aoise éagsúil, is é sin riachtanais agus ionchais na nglúnta go léir a shásamh agus gan aon ghlúin a chur faoi mhíbhuntáiste ([7]). A bhuí le hidirphlé idir na glúnta, ar cineál áirithe d'idirphlé shibhialta é, is féidir cur le beartais lena gcuirtear treochtaí agus cásanna éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo san áireamh. Tá ríthábhacht leis an gceartas idirghlúine, leis an idirphlé agus leis an dlúthpháirtíocht i dtreo go mbeidh an daonlathas, an comhtháthú sóisialta agus an dóigh bheatha Eorpach araon inbhuanaithe.

2.4. Beidh ríthabhacht leis an dlúthpháirtíocht idir na glúnta chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach. Beidh comhroinnt eolais, scileanna, norm cultúrtha agus traidisiúnta i gceist freisin, chomh maith le tacaíocht fhrithpháirteach agus comhthiomsú acmhainní. Thairis sin, féachtar le caighdeán leordhóthanach maireachtála a chur chun cinn do gach aoisghrúpa. Tá an méid sin go léir ag tarlú i gcomhthéacs athruithe déimeagrafacha, mar atá athruithe ar struchtúr na dteaghlach, ar thorthúlacht, ar ionchas saoil, ar dhálaí maireachtála agus ar an imirce.

2.5. Beidh ríthábhacht leis an dlúthpháirtíocht idir na glúnta freisin chun teacht roimh an aoiseachas in aghaidh daoine scothaosta agus daoine óga agus roimh neamhionannais idir na glúnta i bhfianaise na forbartha déimeagrafaí atá ar bun faoi láthair. Is bunriachtanas é beartais shóisialta agus seirbhísí sóisialta a dhearadh a mbainfidh cur chuige saolré leo, a thabharfaidh cothrom na Féinne do na haoisghrúpaí go léir agus a bheidh inrochtana agus ar fáil dóibh. Is minic daoine óga agus daoine scothaosta a bheith thíos leis an idirdhealú bunaithe ar aois. Sa tuarascáil ar an aoiseachas a d'fhoilsigh EDS i mí an Mhárta 2021 ([8]) leagtar béim ar na bacainní a bhaineann le haois atá fós ann i réimsí éagsúla den saol, cuir i gcás an fhostaíocht, an rannpháirtíocht pholaitiúil, an tsláinte agus an ceartas.

2.6. Beidh ríthábhacht leis an dlúthpháirtíocht idir na glúnta freisin chun smacht a fháil ar fhochultúr shochaí an tomhaltais a chuireann luach speisialta ar an 'óige shíoraí', nach luach coiteann í ag an nglúin óg uile. Ar a mhuin sin, bíonn steiréitíopaí agus réamhchlaontaí frithpháirteacha fós ann idir na glúnta. Tá steiréitíopaí diúltacha ann maidir leis an aosú, ina measc an íomhá sna meáin a chuireann síos ar dhaoine scothaosta mar dhream breoite, spleách a chuireann costas ar an tsochaí, ach is ann do steiréitíopaí diúltacha freisin maidir le daoine óga agus iad á léiriú mar dhaoine ar bheagán taithí, iad leisciúil, neamhiontaofa agus leithleach.

2.7. Beidh ríthábhacht leis an dlúthpháirtíocht idir na glúnta chun sochaí chothrom inbhuanaithe agus rathúnas eacnamaíoch a fhorbairt, ar mhaithe le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus marthanacht an daonlathais ionadaíoch agus rannpháirtigh araon san Aontas Eorpach a áirithiú. Maidir le daonlathas de, bíonn an-tábhacht le tionscadail idirghlúine ós rud é go gcuireann siad leis an mbraistint go bhfuiltear freagrach as an leas coiteann. Thairis sin, is féidir ról tábhachtach a bheith ag na 'finnéithe comhaimseartha' maidir le dearcthaí ar son an daonlathais a neartú trí fhíoreispéiris ó chórais deachtóireachta a chur i láthair daoine óga. San am céanna, is féidir le daoine óga dearcthaí úra a thabhairt maidir le dúshláin agus deiseanna nua atá ag teacht chun cinn.

2.8. Ba cheart an dlúthpháirtíocht idir na glúnta a chleachtadh go mór freisin i saol eagraíochtaí na sochaí sibhialta, mar shampla comhlachais, eagraíochtaí fostóirí agus ceardchumainn, sin agus laistigh de pháirtithe polaitiúla.

2.9. Bíonn tábhacht le saol an teaghlaigh ó thaobh an dlúthpháirtíocht idir na glúnta a fhorbairt. Is buntáiste luachmhar é an comhar agus an dlúthpháirtíocht laistigh den teaghlach agus is iomaí duine atá den tuairim sin. I dtimpeallacht mhaireachtála an duine lasmuigh den bhaile (e.g. sa phobal áitiúil), ní bhíonn an choimhlint idir na glúnta chomh coitianta céanna leis an dlúthpháirtíocht eatarthu, rud a chonacthas go soiléir le linn phaindéim COVID-19.

2.10. Dar le CESE go bhfuil an t-idirphlé idirghlúine atá bunaithe ar cheartas agus ar chothroime idirghlúine ar cheann de na hionstraimí is tábhachtaí chun dlúthpháirtíocht a bheidh in ann géarchéimeanna a sheasamh a bhaint amach idir na glúnta.

([7]) Tá institiúidí poiblí i naoi gcinn de thíortha ECFE, ar a laghad, agus i Málta arb é is aidhm dóibh faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme ghealltanais an rialtais do na glúnta atá le teacht. Orthu siúd tá na heintitis seo a leanas: san Ungáir (an Leas-Ombudsman do na glúnta atá le teacht), sa Bhreatain Bheag (an Coimisinéir do na glúnta atá le teacht), i Málta (Caomhnóir na nGlúnta atá le teacht).

([8]) https://www.who.int/publications/i/item/9789240016866.

3. **Dlúthpháirtíocht idir na glúnta: na dúshláin agus réitigh fhéideartha**

3.1. **Saol na hOibre:** léiríonn staidéir eimpíreacha ([9]) go mbíonn foirne ilghlúine níos táirgiúla ná foirne aonghlúine. I bhfoirne den sórt sin, bíonn eolas, scileanna agus taithí na nglúnta éagsúla ag imirt ar a chéile ar shlí chruthaitheach. Ina theannta sin, is bealach éifeachtach é glúnta éagsúla a bheith in aon ionad oibre amháin chun an leithcheal agus steiréitíopaí ar bhonn aoise a chomhrac. Maidir leis an idirdhealú díreach nó ceilte i gcoinne daoine óga (e.g. 'ní féidir leis na daoine óga sin é seo a dhéanamh go fóill') nó i gcoinne seandaoine (e.g. 'ní féidir leis na daoine níos sine sin é seo a dhéanamh a thuilleadh'), is gníomhaíochtaí iad sin atá le seachaint chun rannpháirtíocht san ionad oibre a neartú. Dá bhrí sin, ba cheart díriú ar rannpháirtíocht na nglúnta éagsúla, agus ar a gcomhar siúd, san ionad oibre mar shaincheist thábhachtach i réimse an idirphlé shóisialta agus i dtaca le malartú na ndea-chleachtas laistigh de chomhlachais fostóirí a fhad a bhaineann le forbairt foirne atá bunaithe ar scileanna agus ar thaithí i dtreo go mbeidh lucht saothair ilghlúine ann agus gur fearr a dhéanfar ceisteanna aoise a bhainistiú. Ba cheart go dtiocfadh caighdeáin shocraithe dheonacha chun cinn laistigh de réigiúin agus/nó d'earnálacha tionsclaíocha dá thoradh sin. Mar shampla, cuireann creat-chomhaontú neamhspleách na gcomhpháirtithe sóisialta Eorpacha maidir le haosú gníomhach agus cur chuige ilghlúine (Márta 2017) bonn maith ar fáil ar ar féidir na dálaí cearta a bhunú chun ionaid oibre idirghlúine a chothú ([10]). Leagtar béim sa chreat-chomhaontú sin ar a luachmhaire atá lucht saothair ilghlúine, moltar ionstraimí ann agus déantar foráil ann maidir le cur chuige idirghlúine. Sna trí bliana tar éis ghlacadh an chreat-chomhaontaithe, thuairiscigh na comhpháirtithe sóisialta náisiúnta ar a chur chun feidhme ([11]), sin agus ar dhea-chleachtais ar an leibhéal náisiúnta lena gcumasaítear an fhoghlaim fhrithpháirteach. Thairis sin, d'fhéadfadh feachtais shóisialta atá dírithe ar fhostaíocht daoine scothaosta a bheith ina n-uirlis éifeachtach chun dlúthpháirtíocht idir na glúnta ag an obair a fheabhsú. Mar sin féin, is éard is bunús don dlúthpháirtíocht idir na glúnta ag an obair, áfach, an t-idirdhealú aoise de gach cineál a sheachaint, mar thoradh ar bheartais idirdhealaitheacha pá agus cosanta sóisialta, agus feabhas a chur ar an rochtain ag an aos óg ar an margadh saothair.

3.2. **Geilleagar na ndaoine scothaosta:** Is é an sainmhíniú ar gheilleagar na ndaoine scothaosta ná an teascóg den gheilleagar a dhíríonn ar riachtanais daoine scothaosta a shásamh. In 2015, measadh go raibh láimhdeachas airgeadais bliantúil EUR 4.2 trilliún á ghiniúint ag geilleagar na ndaoine scothaosta agus breis is 78 milliún post san Aontas á gcruthú aige ([12]). De réir mar a fhorbraíonn geilleagar na ndaoine scothaosta cruthaítear deiseanna freisin d'fhorbairt na dlúthpháirtíochta idir na glúnta, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht na bhfoirne ilghlúine chun earraí agus seirbhísí a dhearadh agus a thástáil. Tá sciar méadaitheach de tháirgeadh earraí agus seirbhísí, dá ndáileadh agus dá dtomhailt dírithe ar úsáid a bhaint as acmhainneacht cheannaigh daoine scothaosta chun a riachtanais tomhaltais, mhaireachtála agus sláinte a shásamh. Is féidir leis an 'dara díbhinn dhéimeagrafach' sin tacú le forbairt eacnamaíoch na mBallstát. Dá bhrí sin, creideann CESE go bhfuil gá le straitéis fhadtéarmach de chuid an Aontais maidir le geilleagar na ndaoine scothaosta a fhorbairt.

3.3. **Córais pinsean:**

3.3.1. Feidhmíonn formhór na gcóras pinsean sna Ballstáit ar bhonn 'íoc mar a úsáidtear'. Mar go bhfuil an t-ionchas saoil ag méadú, bíonn pinsin á n-íoc le daoine ar feadh ré níos faide. Chun na córais pinsean a chobhsú, tá aois scoir níos airde i bhfeidhm i roinnt mhaith Ballstát, nó tá a leithéid á mheas. I roinnt tíortha, tá an aois scoir ag ardú san am céanna atá athruithe ag teacht ar an ionchas saoil. Ar an drochuair, is minic a dhéantar neamhaird i gcuid mhaith cásanna de staid na ndaoine sin atá i ngairmeacha guaiseacha nó gairmeacha atá dúshlánach go fisiciúil, fiú má tá ranníocaíochtaí árachais shóisialta á ndéanamh acu le tréimhse an-fhada.

3.3.2. Tá na córais pinsean ag éirí níos costasaí, rud a d'fhéadfadh teorainn a chur leis an éileamh ar shaothar ós rud é go bhfuil na costais saothair ag dul i méid. Ina theannta sin, i gcásanna áirithe, fostaítear daoine óga ar chonarthaí a thugann rochtain níos ísle ar chosaint shóisialta agus a chinntíonn ranníocaíochtaí níos ísle dá réir sin. San am céanna, fágann sin laghdú ar an ioncam ó ranníocaíochtaí pinsin agus easnamh níos mó sna córais pinsean freisin.

3.3.3. Ós rud é nach é an t-ionchas saoil amháin atá ag dul i méid, ach go bhfuil an t-ionchas le saol sláintiúil ag dul i méid freisin, agus cúinsí éagsúla agus córais shonracha sna Ballstáit á gcur san áireamh, ba chríonna an mhaise féachaint an ar scor amháin a d'fhéadfaí na blianta sláintiúla breise sin a chaitheamh, nó an bhféadfadh daoine saol oibre níos faide a chur isteach más é sin atá uathu. Mar sin féin, ba cheart aon mhéadú den sórt sin a thabhairt isteach céim ar chéim agus le peirspictíocht fhadtéarmach gan an bonn a bhaint den mhuinín atá ag daoine as na córais cosanta sóisialta. Dá ndéanfaí an aois scoir a nascadh le hathruithe ar an ionchas saoil, ba chuidiú é sin chun fostaíocht níos faide agus níos táirgiúla a chur ar fáil, agus, san am céanna, ba chuidiú é chun na córais pinsean a chobhsú agus rannchuidiú leis an gceartas idirghlúine ar an gcaoi sin. Mar sin féin, ní bheadh indéanta an aois scoir a ardú in obair atá an-fhisiciúil nó an-dian ar bhonn síceolaíoch..

([9]) E.g. https://www.ncbi.nlm.nih.gov/pmc/articles/PMC7732046/.
([10]) https://ec.europa.eu/social/BlobServlet?mode=dsw&docId=11775&langId=en.
([11]) https://ec.europa.eu/social/BlobServlet?mode=dsw&docId=12286&langId=en.
([12]) Geilleagar na ndaoine scothaosta: tuarascáil chríochnaitheach.

3.3.4. Is oibleagáid phoiblí agus oibleagáid shochaíoch araon é i gcónaí a áirithiú gur féidir le daoine maireachtáil faoi dhínit ar bhonn an phinsin atá acu. Ba cheart cur chun feidhme iomlán Phrionsabal 15 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ([13]) (an ceart ar phinsean atá i gcomhréir lena ranníocaíochtaí lena n-áirithítear ioncam leordhóthanach chun maireachtáil faoi dhínit sa tseanaois) a bheith ina ghné thábhachtach den Seimeastar Eorpach.

3.4. **Seirbhísí sláinte agus cúraim:**

3.4.1. Dála na bpinsean, is le ranníocaíochtaí ó dhaoine atá gníomhach ó thaobh na heacnamaíochta de a mhaoinítear formhór na seirbhísí sláinte. Is lú úsáid a bhaineann daoine óga as na seirbhísí sin ná mar a dhéanann na glúnta níos sine. Cé go ndéantar an cúram sláinte a pháirtmhaoiniú le cánacha i roinnt Ballstát, is iad na daoine atá gníomhach ó thaobh na heacnamaíochta de a dhéanann na ranníocaíochtaí is mó tríd an gcánachas, cé go bhfaighidh siad níos mó nuair a bheidh siad níos sine.

3.4.2. Thairis sin, maidir le cúram neamhfhoirmiúil a dhéanamh de dhaoine scothaosta, go háirithe baill teaghlaigh, tá ualach an chúraim sin ar dhaoine atá gníomhach ó thaobh na heacnamaíochta de ag dul i méid, rud a chuireann teorainn lena gcumas siúd a bpoist a choinneáil. Is fíor sin go háirithe i gcás na mban, arb iad, seachas na fir, is mó a ghlacann an fhreagracht sin orthu féin, agus tá éagsúlacht shuntasach le sonrú ar fud na mBallstát maidir le hinfhaighteacht seirbhísí gairmiúla le haghaidh cúram fadtéarmach. Ag an taobh eile den speictream, is minic a bhíonn sé deacair ar theaghlaigh óga cúram leanaí inacmhainne agus inrochtana a fháil, rud a mbíonn tionchar aige freisin ar a n-ionchais i margadh an tsaothair agus ar a n-ionchais fostaíochta, go háirithe i gcás na mban. In ainneoin go bhfuil an caiteachas ar chúram sláinte ar cheann de na cúiseanna is mó leis an méadú ar an gcaiteachas poiblí ar dhaoine scothaosta, ní leor in aon chor inacmhainneacht na seirbhísí sláinte do dhaoine scothaosta, ná an rochtain ar na seirbhísí sin, i gcuid de na Ballstáit. Sa chomhthéacs sin, ba cheart cur chuige coisctheach i leith na sláinte a chur chun cinn freisin ar mhaithe le saol níos sláintiúla.

3.4.3. Mar sin féin, mar chuid den dlúthpháirtíocht idir na glúnta, ba cheart seirbhísí cúraim shóisialta agus fhadtéarmaigh a bheith inrochtana, inacmhainne, comhtháite agus pobalbhunaithe, agus iad a bheith comhchruthaithe ag na saoránaigh agus ag a n-eagraíochtaí ([14]). Laghdódh sé sin an t-ualach cúraim ar an nglúin atá in aois oibre agus chuideofaí leo siúd a roghnaíonn aire a thabhairt dá ngaolta.

3.4.4. Thairis sin, is den tábhacht a thabhairt faoi deara go bhfuil laghdú ag teacht ar ghéarbhreoiteachtaí san Aontas i gcomparáid le galair ainsealacha, ina measc 'galair na sibhialtachta' amhail an néaltrú agus meabhairghalair a mbíonn cóireáil fhadtéarmach agus an-chostasach ag teastáil ina leith uaireanta. Bíonn an próiseas sin nasctha freisin le dálaí oibre míshláintiúla, le haistí bia míshláintiúla agus le stíleanna maireachtála aonair, i gcás na nglúnta óga agus na nglúnta níos sine araon, sin agus le huaigneas nach mbítear ag dréim leis. Dá bhrí sin, athdhearbhaíonn CESE go dtacaíonn sé leis na moltaí ón gCoimisiún Eorpach maidir le huaigneas nach mbítear ag dréim leis a chomhrac, moltaí arb é is aidhm dóibh a áirithiú go mbeidh sé éasca seirbhísí meabhairshláinte a úsáid ó ghlúin go glúin agus iarrann sé go mbeadh Straitéis Meabhairshláinte de chuid an Aontais ann chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní mheabhairshláinte ó ghlúin go glúin, agus ar ghéarchéim mheabhairshláinte na hóige atá ag dul in olcas.

3.5. **Forbairt áitiúil:** Ba cheart don bhonneagar agus do na seirbhísí i gcoitinne freastal ar riachtanais na nglúnta go léir. Chuige sin, ní foláir d'ionadaithe ó na glúnta go léir a bheith rannpháirteach i saol polaitiúil agus sóisialta na mbardas, na gcathracha, na gceantar agus na réigiún ionas gur féidir a áirithiú le hinstitiúidí an daonlathais i limistéar ar leith go mbeidh malartú bisiúil smaointe ann idir cónaitheoirí níos sine agus níos óige. Go deimhin, ba cheart don uile ghlúin rannchuidiú le forbairt áitiúil chomhtháite agus le próisis chinnteoireachta chun pobail atá fabhrach do dhaoine scothaosta a chothú trína dtabharfar tacaíocht do na glúnta go léir. Go háirithe, ba cheart daoine óga a spreagadh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí áitiúla, e.g. trí chomhairlí áitiúla don óige a mhaoiniú agus aitheantas a thabhairt dóibh agus ba cheart daoine a spreagadh chun bheith gníomhach agus iad ag dul in aois, nuair a bheidh teaghlach acu agus, tráth níos déanaí sa saol, nuair a rachaidh siad ar scor.

3.6. **Tithíocht:** Is deacra ná riamh ag roinnt mhaith daoine óga agus teaghlach teach dá gcuid féin a bheith acu agus, san am céanna, tá an t-athrú ar struchtúir teaghlaigh agus an méadú ar sciar na ndaoine singile ag dul i bhfeidhm ar struchtúr na tithíochta freisin. Ba cheart tithíocht a bheith inacmhainne agus ba cheart samhlacha a fhiosrú chun pobail agus glúnta éagsúla a thabhairt le chéile. Tá an tithíocht ilghlúine ag dul i méid i roinnt mhaith Ballstát san Aontas. Ní hamháin go mbíonn deis ann seirbhísí a mhalartú, mar shampla cúram leanaí nó cúram daoine scothaosta, siopadóireacht le haghaidh earraí grósaeireachta, miondeisiúcháin nó úsáid an idirlín, mar thoradh ar na glúnta éagsúla a bheith in aontíos le chéile ach cuirtear le braistint na slándála freisin. Fiú amháin i gcás daoine aonair ó ghlúnta éagsúla a chónaíonn ar leithligh ó chéile, d'fhéadfadh ról comhchosúil a bheith ag áiteanna cruinnithe ilghlúine i bhfoirm foirgneamh nach foirgnimh chónaithe iad nó ag 'braislí scoir' laistigh d'eastáit tithíochta agus de limistéir chónaithe. Lena chois sin, ba cheart díriú sa phleanáil uirbeach ar spásanna poiblí nach gcruthódh deacrachtaí do dhaoine aosta.

([13]) https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=1606&langId=ga.

([14]) Féach Tuairim ó Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le Seirbhísí leasa ghinearálta a chomhchruthú mar rannchuidiú le daonlathas níos rannpháirtí san Aontas Eorpach (IO C 486, 21.12.2022, lch. 76).

3.7. **Soghluaisteacht:** Ní aithnítear a thábhachtaí atá an tsoghluaisteacht – ach í a chur in oiriúint do riachtanais gach glúine ar leith – don cháilíocht saoil, don rannpháirtíocht agus don neamhspleáchas. Bíonn córais iompair phoiblí chomh tábhachtach céanna chun rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga a áirithiú (ina measc san oideachas, go háirithe i gceantair thuaithe iargúlta) is a bhíonn chun rannpháirtíocht agus neamhspleáchas daoine scothaosta a áirithiú. Ba cheart rochtain éasca ar sheirbhísí iompair a bheith ag daoine is cuma cén aois iad. Mar sin féin, ní chuirtear riachtanais glúnta ar leith san áireamh go leordhóthanach sa phleanáil le haghaidh córais iompair agus soghluaisteachta. Ó thaobh beartas don athrú aeráide de, b'fhiú breathnú ar iompar poiblí a chur ar fáil saor in aisce mar réiteach, mar a dhéantar i réigiúin áirithe san Aontas cheana ([15]).

3.8. **Beartas don athrú aeráide:** Músclaíonn an t-athrú aeráide domhanda fadhbanna tromchúiseacha dlúthpháirtíochta idir na glúnta atá ann faoi láthair agus na glúnta atá le teacht, agus i measc pobal laistigh de na glúnta sin atá le teacht. Ba cheart an straitéis maidir leis an athrú aeráide a fhorbairt i gcomhréir le prionsabail an chothromais idirghlúine. Ba cheart a áireamh sa straitéis sin bearta chun ráta an athraithe aeráide a mhoilliú, chun damáiste díreach ón athrú aeráide a íoslaghdú, agus chun na hacmhainní agus na huirlisí riachtanacha chun oiriúnú don athrú aeráide a aistriú. Is mar a chéile leasanna na nglúnta go léir i dtaca leis sin. Téann an ghéarchéim aeráide i bhfeidhm ar gach duine, ach téann sí i bhfeidhm ar dhaoine scothaosta go háirithe i bhfianaise tionchar diúltach an athraithe aeráide ar an tsláinte phoiblí, ar cháilíocht na beatha agus ar an tsábháilteacht. Mar sin féin, beidh ar dhaoine óga agus ar na glúnta atá le teacht aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí is tromchúisí a thagann de ghéarchéim na haeráide agus na hiarmhairtí sin a sheasamh ar feadh tréimhse níos faide. Bhí daoine óga ar thús cadhnaíochta maidir le gluaiseachtaí a bhunú chun gníomhú ar son na haeráide a bhrú chun cinn, amhail 'an Aoine don Todhchaí'. I gcuid de Bhallstáit an Aontais, tá comhghuaillíochtaí agus gluaiseachtaí idirghlúine ag teacht chun cinn cheana féin trína bhfuil freagracht á glacadh ag daoine scothaosta as todhchaí a leanaí agus sliocht a sleachta, e.g. trí pháirt a ghlacadh i ngluaiseachtaí amhail 'an Aoine don Todhchaí'.

3.9. **Foghlaim ar feadh an tsaoil:** Beidh beartais dhea-cheaptha foghlama ar feadh an tsaoil ag teastáil mar thoradh ar riachtanais scile a bheith ag athrú, lena n-áirítear de thairbhe domhandú, an t-aistriú glas, an t-aistriú déimeagrafach agus an t-aistriú digiteach. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin i gcás oibrithe scothaosta atá i mbaol post a chailleadh in earnálacha a ndéanfaidh an t-aistriú an difear is mó dóibh, agus freisin i gcás gach glúine chun sástacht saoil a fheabhsú agus rochtain ar dheiseanna éagsúla a mhéadú. Bíonn comhar leis na comhpháirtithe sóisialta agus le heagraíochtaí eile na sochaí sibhialta ag teastáil chun an fhoghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn. Gné thábhachtach eile den fhoghlaim ar feadh an tsaoil is ea aistriú an eolais agus na taithí idir na glúnta. Sampla aitheanta di sin is ea daoine óga a thugann tacaíocht do dhaoine scothaosta chun inniúlachtaí digiteacha a shealbhú. Sampla eile is ea daoine scothaosta a oibríonn go deonach chun ceachtanna (e.g. san eitic, sa stair, sa pholaitíocht) a thabhairt i scoileanna, in éineacht le múinteoirí. D'fhéadfadh na hidirghníomhaíochtaí sin machnamh criticiúil a spreagadh freisin maidir le ról agus éachtaí do ghlúine féin.

3.10. **Rannpháirtíocht agus obair dheonach:** Is féidir an malartú idir na glúnta a spreagadh a thuilleadh trí mheán na rannpháirtíochta agus obair dheonach – ar gníomhaíochtaí iad sin a shaibhríonn saol gach duine idir óg agus aosta agus na pobail ina gcónaíonn siad. Tá an tsaorálaíocht idirghlúine ina gné bhuan de ghníomhaíochtaí saorálaíochta ar fud an Aontais anois agus tugtar tacaíocht di cheana féin le tionscadail arna maoiniú ag an Aontas agus ar bhonn náisiúnta. Ar an leibhéal áitiúil, áirítear leis an tsaorálaíocht idirghlúine freisin tionscnaimh le haghaidh 'pobail chúraim' a mbíonn gairmithe, saorálaithe agus baill teaghlaigh iontu. Spreagtar cruthú líonraí sóisialta éagsúla, ar féidir daoine de gach aois a bheith páirteach iontu, a bhuí leis an dlúthpháirtíocht idir na glúnta. Dá thoradh sin, is féidir go mbraithfidh daoine aonair go bhfuil dlúthbhaint acu lena bpobail, gur fearr a chuimsítear ina gcuid pobal iad agus gur féidir uaigneas nach rabhthas ag dréim leis a chomhrac, rud a chuirfidh feabhas ar a meabhairshláinte agus a chruthóidh pobal a mbeidh níos mó den tuiscint agus den chuimsitheacht ag baint leis.

An Bhruiséil, 18 Meán Fómhair 2024.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE

([15]) Mar shampla, tá an t-iompar poiblí saor in aisce i Lucsamburg (do gach duine), i dTaillinn (do chónaitheoirí), san Ungáir (do shaoránaigh an Aontais agus do shaoránaigh na hEilvéise agus na hIorua atá os cionn 65 bliana d'aois).